

# Eolas Faoi Chlarú
# AN BHLIAIN A ATHDHÉANAMH

---

**Fáilte ar ais chuig do chúrsa léinn don bhliain acadúil 2020/21!**

Tá do thaifead mac léinn in OE Gaillimh tugtha ar aghaidh anois go dtí an Bhliain Acadúil 2020/21.
**Ní mór do gach mac léinn clárú ar líne gach bliain.** Beidh tú in ann clárú ar líne agus do chuid modúl a roghnú sa chás gur cuí - Brú anseo chun dataí cláriúcháin ar líne a fháil.
*******Ní féidir*** leat clárú roimh an dáta seo.

*Tá sé tábhachtach go mbeidh tú cláraithe i gceart mar:*

- *Beidh cead agat áiseanna na hOllscoile (e.g. an Leabharlann, ríomhlanna etc.) a úsáid agus tú cláraithe go tráthúil agus i gceart mar mhac léinn san Ollscoil.*
- *Agus tú cláraithe i gceart do na modúil a bheidh á ndéanamh agat, gheobhaidh tú rochtain ar blackboard (má bhíonn sin in úsáid ag do Léachtóir) agus cinnteofar go mbeidh d'amchlár pearsanta scrúduithe cruinn.*

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi chlárú mar mhac léinn, téigh chuig Clárú Mac Léinn, OÉ Gaillimh

## Clárú



1. Logáil isteach i dtairseach na mac léinn.
   (Bainfidh tú úsáid as an tseanuimhir aitheantais a bhí agat in OÉ Gaillimh roimhe seo.)
2. Cliceáil are an gcnaipe 'Click Here to Register'
3. Tá sé an-tábhachtach 'Confirm' a bhrú agus leanúint ar aghaigh go 'Finish'

Is féidir do ráiteas clárúcháin a sheiceáil am ar bith ag www.nuigalway.ie/registration.

## Tábhachtach...

| | |
|---|---|
| **Rochtain agus Pasfhocail** | Má tá dearmad déanta agat ar do phasfhocal, téigh chuig CASS agus cliceáil ar 'Forgot Password' ar thaobh na láimhe clé den scaileán. Má tá deacrachtaí i gcónaí agat, seol ríomhphost chuig servicedesk@nuigalway.ie |
| **Clárú do Mhodúil** | Mura ndéanfaidh tú do mhodúil a chlárú i gceart:<br>· Ní beidh aon rochtain agat ar blackboard<br>· Ní dhéanfar tú a sceidealú do scrúdú sa mhodúl sin<br>· Tabhair faoi deara nach bhféadfaidh tú aon mhodúl a shuigh tú roimhe seo agus a bhfuair tú pas ann a shuí arís. Is fútsa atá sé a chinntiú go bhfuil na sonraí uile a bhaineann le modúil chláraithe agus le díolúintí cruinn.<br>Má bhíonn aon cheist agat faoi roghnú modúil, téigh i dteagmháil le do Choláiste féin. |
| **Díolúintí** | 1.Is fútsa atá sé a chinntiú go bhfuil na modúil a theastaíonn uait a dhéanamh i mbliana (modúil chláraithe) agus na modúil a bhfuair tú pas anuraidh iontu (díolúintí) cruinn ar do thaifead mac léinn.<br>2. Ní fhéadfaidh tú aon mhodúl a rinne tú cheana agus a bhfuair tú pas ann a dhéanamh arís. Bí cinnte mar sin go bhfuil na modúil a bhfuair tú pas iontu le feiceáil agus go bhfuil díolúine luaite leo ar do thaifead nuair a chláraíonn tú.<br>3. Tá sé de cheart ag an Oifig Clárúcháin aon earráid nó easnamh i do thaifead (díolúintí san áireamh) |
| **Táillí** | Má bhíonn aon cheist agat faoi tháillí, seol ríomhpost chuig fees@nuigalway.ie |
| **Blackboard** | Cinntigh go bhfuil do chuntas Blackboard ag meaitseáil go díreach na modúil atá cláraithe agat.<br>*Tabhair faoi deara*: Tógann sé 24 uair tar éis duit do mhodúil a roghnú sula mbeidh siad le feiceáil ar Blackboard.<br>Má bhíonn aon cheist agat faoi Blackboard, seol ríomhphost chuig servicedesk@nuigalway.ie |
| **Gan Filleadh?** | *Cuir Oifig an Choláiste ar an eolas arbhonn práinne mura bhfuil tú ag filleadh ar do chúrsa nó má tá ceist agat sineadh a chur le do shaoire neamhláithreachta. – Leave of Absence / Course Withdrawal |

## Clarú

reghelp@nuigalway.ie | www.nuigalway.ie/registration | http://www.nuigalway.ie/registration/reghelp_home.html/continuingstudents/

